Cinneadh (CBES) Uimh. 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 ([3]);

Rialachán (AE) Uimh. 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 ([4]);

a chur ar neamhní.

— de rogha air sin,

Cinneadh (CBES) Uimh. 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 i ndáil le hAndrey Anatolyevich Kozitsyn;

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1270 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 i ndáil le hAndrey Anatolyevich Kozitsyn;

Airteagal 1(2)(g) de Chinneadh (CBES) Uimh. 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022;

Airteagal 1(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022;

a chur ar neamhní.

— in aon chás,

a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc de bhun Airteagal 140(b) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí atá, go bunúsach, mar an gcéanna nó cosúil leis na cinn a bhí á n-agairt sa chás T-234/22, *Ismailova* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (OJ 2022 L 193, lch. 219).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1270 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (OJ 2022 L 193, lch. 133).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (OJ 2022 L 50, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (OJ 2022 L 51, lch. 1).

---

# Caingean arna tabhairt an 1 Deireadh Fómhair 2022 — Primicerj v an Coimisiún

**(Cás T-612/22)**

(2022/C 432/44)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Paola Primicerj (an Róimh, an Iodáil) (ionadaí: E. Iorio, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 2 Lúnasa 2022 (EMPL.C.1/BPM/kt (2022) 5785472) lena ndiúltaítear an iarraidh ar rochtain (GestDem Uimh. 2022/4090) ar litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022, arna heisiúint ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Phoblacht na hIodáile i nós imeachta um shárú 2016/4081, maidir le comhoiriúnacht na rialacha náisiúnta lena rialaítear na seirbhísí arna soláthar ag giúistísí oinigh le dlí an Aontais a neamhniú;

— a ordú don Choimisiún Eorpach rochtain a thabhairt don iarratasóir ar litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022 arna heisiúint ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Phoblacht na hIodáile le linn nós imeachta um shárú 2016/4081;

— a ordú don Choimisiún Eorpach, i gcás freasúra, costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear inghlacthacht na caingne.

   — Áitítear i ndáil leis sin go ngníomhaíonn an t-iarratasóir i bhfeidhmiú ceart ginearálta shaoránaigh an Aontais maidir le trédhearcacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí chun an fhaisnéis riachtanach a fháil, mar a ráthaítear do shaoránaigh uile an Aontais le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

   — Thabharfadh eolas ar an litir fógra fhoirmiúil tairbhe nithiúil don iarratasóir freisin as a ceart chun faisnéise a fheidhmiú trí bheith ar an eolas, tar éis níos mó ná sé bliana, faoi na cúiseanna nár eisigh an Coimisiún aon tuairim réasúnaithe fós.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh na prionsabail maidir le rochtain ar dhoiciméid institiúidí an Aontais a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos in Airteagal 1 agus sa tríú fleasc d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 — leas ginearálta a bheith ann i rochtain ar litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022.

   — I dtaca leis sin, áitítear go bhfuil leas ginearálta agus sáraitheach ag baint leis an gceart chun faisnéise, is é sin, fios a bheith aige ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus Phoblacht na hIodáile i réimse neamhspleáchais bhreithiúnaigh, ar coinníoll bunúsach de chuid an smachta reachta é, agus is mar thoradh air sin nach mór na rialacha maidir le heisiamh ón gceart rochtana a léirmhíniú go cúng.

   — Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi deara cheana féin le breithiúnais an 16 Iúil 2020 agus an 7 Aibreán 2022, mí-oiriúnacht iomlán chóras na rialacha lena rialaítear na breithiúna oinigh san Iodáil, agus go háirithe breithiúna oinigh na síochána, le sárú ar phrionsabal na coinníollachta.

   — Tá sé contrártha leis na rialacha maidir le trédhearcacht agus scaipeadh doiciméad de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh a shéanadh go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann ní na doiciméid rúnda agus an malartú idirphlé idir Poblacht na hIodáile agus an Coimisiún a chur ar an eolas, ach na hagóidí a rinneadh sa litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022, ar cuireadh béim air sa phreas náisiúnta agus a bhí ina ábhar do chumarsáid achomair a d'eisigh an Coimisiún Eorpach féin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a lua maidir le gníomhartha na n-institiúidí Eorpacha.

   Áitítear i ndáil leis sin, trí scrúdú a dhéanamh ar an ráiteas ar chúiseanna atá leis na gníomhartha, gur féidir na páirtithe leasmhara go léir a chur i riocht ina bhfuil a fhios acu agus ina bhfuil tuiscint acu faoin gcaoi a gcuireann na hinstitiúidí an Conradh chun feidhme, ós rud é go bhfuil feidhm mhaoirseachta agus feidhm rannpháirtíochta araon ag an oibleagáid cúiseanna a lua a mhéid, trí na measúnuithe a rinneadh sular glacadh gníomhartha na n-institiúidí a shoiléiriú, go rannchuidítear leis an easnamh daonlathach sin a chonspóidtear go minic san Aontas a mhaolú.

   Sáraíodh na prionsabail lena rialaítear an ráiteas ar chúiseanna, ós rud é nach ndearna an Coimisiún ach tásca a bhí an-ghinearálta agus steiréitipiciúla a leagan amach maidir leis an bhfáth go mbainfí an bonn den "timpeallacht muiníne" sin dá nochtfaí an litir fógra fhoirmiúil bhreise an 15 Iúil 2022, agus freagra a thabhairt trí fhoirm ina raibh beagán faisnéise san áireamh agus gan aon fhaisnéis a bheith ann lena gcuirfí ar chumas an iarratasóra agus na Cúirte Ginearálta fíor-athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na bhforas le haghaidh diúltaithe nach bhfuil réasúnaithe leordhóthanach aige, go háirithe maidir leis na cúiseanna lena gcuirfí cosc ar nochtadh páirteach an bhirt ar a laghad, rud a nochtadh go páirteach sa phacáiste maidir le sárú an 15 Iúil 2022, fiú ar bhealach nach gceadófar an t-ábhar agus na cúiseanna breise leis na gearáin a rinneadh i gcoinne na hIodáile a thuiscint.

Ní luaitear go soiléir sa diúltú rochtana a chonspóidtear na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe, a mbunús dlí, na himthosca fíorasacha agus an tslí inar cuireadh na leasanna ábhartha éagsúla san áireamh, ós rud é go ndéanann an diúltú difear d'fheidhmiú na gceart dá bhforáiltear in Airteagal 17 agus in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus is é an toradh a bhíonn air sin, ós rud é go bhforchuirtear leis an ngníomh arna ghlacadh teorannú ar an gceart atá aitheanta ag an gConradh ar an iarratasóir, arb é atá ann na cearta sin a chomhbhrú, ní mór don ráiteas ar na cúiseanna a bheith níos déine, níos cruinne agus níos beaichte chun na roghanna a shoiléiriú.

(1) IO 2001 L 145, lch. 43.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – an Chipir v EUIPO – Cemet (Halime)**

**(Cás T-615/22)**

(2022/C 432/45)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Cipire (ionadaithe: S. Malynicz, Abhcóide Dlí, agus C. Milbradt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Cemet Oy (Heilsincí, an Fhionlainn)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh Halime – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 241 593

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 28 Meitheamh 2022 i gCás R 121/2022-5

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú go n-iompróidh EUIPO agus an páirtí eile sna himeachtaí os comhair EUIPO (má ghlacann sé páirt mar idiragraí) a gcostais féin agus go n-íocfaidh siad costais an iarratasóra.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 27 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (1) trí neamhaird a dhéanamh den fhíoras gur marcanna deimhniúcháin a bhí sna marcanna níos luaithe, ní marcanna aonair;

— Sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 27 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina anailís ar an dóchúlacht go mbeidh mearbhall ann;

— Rinne an Bord Achomhairc earráid faoi Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le linn dó anailís a dhéanamh ar shainiúlacht na marcanna deimhniúcháin níos luaithe;